

# Clár


| | |
|---|---|
| Cúpla Focal ón mBainisteoir Contae | 02 |
| Comhtheachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón Mhéara | 03 |
| Toghcheantair | 04 |
| Comhaltacht Chomhairle Contae Lú 2005 | 05 |
| An Fhoireann | 07 |
| Comhaltacht Chomhairle Baile Dhún Dealgan 2005 | 08 |
| Comhaltacht Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2005 | 09 |
| Comhaltacht Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia 2005 | 10 |
| Sprioc 1 – Seirbhís Chustaiméirí | 11 |
| Sprioc 2 – Forbairt Eacnamúil a Éascú | 15 |
| Sprioc 3 – Caighdeán na Beatha a Fheabhsú | 23 |
| Sprioc 4 – Rannpháirtíocht Pobail a Chothú | 33 |
| Sprioc 5 – Comhaontais a dhéanamh le heagraíochtaí eile | 41 |
| Táscairí Seirbhíse | 45 |
| Táscairí Áitiúla | 48 |
| Figiúir Airgeadais | 50 |

# Cúpla Focal on mBainisteoir Contae



*Martina Moloney, County Manager.*

**Tá an-áthas orm fáilte a chur roimh Thuairisc Bhliantúil 2006. Cuireann an tuairisc béim ar an nithe atá bainte amach ag Údaráis Áitiúla Chontae Lú nuair a chuireadar na spriocanna, ar ghlac Údaráis Áitiúla Chontae Lú leo, sa Phlean Corparáideach (2004-2009). Is é an Plean Corparáideach bunús ghníomhaíochtaí na gComhairlí agus tá tus áite tugtha do sheirbhís chustaiméara, forbairt eacnamaíochta a éascú, cáilíocht na beatha a fheabhsú, rannpháirteachas an phobail a chur chun cinn agus obair a dhéanamh i gcomhar leis na scairshealbhóirí eile chun riachtanais an Chontae a bhaint amach.**

Bliain an-dushlánach do Chontae Lú ba ea 2006. Bhí dul chun cinn dearfach déanta nuair a rinneadh forbairt ar Dhún Dealgan mar Bhealach Isteach. Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil dheisceart Dhún Dealgan. Cuirfidh sé creatlach ar fáil don mhór-mhéadú ar an daonra atá beartaithe don cheantar sin. Tá moladh maidir le Páirtíocht Phoiblí Phríobháideach á chur ar aghaidh le haghaidh athfhorbairt Chearnóg an Mhargaidh agus feabhsuithe bonneagair á gcur ar aghaidh maidir le naisc le lár-bhailte, Cabhán agus Muineachán, mar aon le réamh-obair ar an mbonneagar Iartharach. Chomh maith leis sin, tá Grúpa Forbartha Eacnamaíochta Dhún Dealgan. a bhfuil an tUasal Peter Malone ina chathaoirleach air, ag cur na ngníomhaíochtaí a bhí beartaithe i dTuarascáil Indecon don Bhealach Isteach, is é sin Dún Dealgan, ar aghaidh.

Tá an straitéis maidir le cur chun cinn Ionad Forbartha Dhroichead Átha, a leag síos spriocanna dúshlánacha do thodhchaí na Buirge agus an cheantair máguaird, nach mór críochnaithe. Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil don cheantar máguaird ar an an Tuaisceart agus tá comhráití tábhachtacha réamh-phleanála ar siúl, chomh maith le réamh-chonradh bonneagair, chun seirbhís an cheantair a éascú. Tá roinnt tionscadal substaintiúil mar Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha, Dánlann Highlanes agus oibreacha Feabhsaithe Timpeallachta i Lár an Bhaile curtha ar aghaidh ag an gComhairle Buirge.

Bhí rath ar iarracht an Chontae i gComórtas na mBailte Slachtmhara agus in IBAL. Tá dul chun cinn déanta i soláthar an Leathanbhanda agus chlár tithíochta uaillmhianach. Tá méadú ar líon na dturasóirí agus ar ioncam de dheasca infheistíochta i dturasóireacht sa Chontae. Tá dul chun cinn déanta ag an gclár Cuimsithe Sóisialta de dheasca obair an Aonaid Cuimsithe Shóisialta, clár RAPID agus dúthracht na foirne in Údaráis Áitiúla Chontae Lú. Chomh maith leis sin, bhí torthaí dearfacha sa chontae ar roinnt tionscadal tras-teorann ina raibh Contae Lú páirteach.

Níl anseo ach sracfhéachaint ar chuid den obair thábhachtach a rinneadh ar son phobal Chontae Lú agus tá cuntas níos cuimsithí ar fáil sa tuarascáil féin. Thug páirt na gComhairlí Tofa éagsúla an-treoir agus tacaíocht chun Clár Oibre na Comhairle a chur chun cinn. Gabhaim fíor-bhuíochas leo as comhairle agus cinnireacht a chur ar fáil. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann oibre Údaráis Áitiúla Chontae Lú as an obair chrua agus as a ndúthracht i rith na bliana. Gan tacaíocht uatha ní fhéadfaí an mór-dhul chun cinn a dhéanamh sa saol oibre ina bhfuil athruithe ag tarlú go sciobtha agus ina bhfuil éilimh ag méadú.

Creidim go bhfuil an Contae ullamh chun deiseanna, a bheidh ar fáil sa Phlean Forbartha Náisiúnta (2007-2013), a thapú.

**Martina Moloney**
Bainisteoir Contae

Louth Annual Report Ir 06:Layout 1 06/06/2007 10:59 Page 3

# Comhtheachtaireacht ón gCathaoirleach/Mhéara


*Jim Lennon.*


*Noel Lennon.*


*Michael O'Dowd.*


*Jim Tenanty.*


**Le linn 2006, lean Údaráis Áitiúla Lú ar aghaidh lena cuspóirí curtha síos in ár bPlean Corparáideach (2004-2009). Sa chomhthéacs sin, rinneadh dul chun cinn suntasach í rith 2006, sna réimsí ar nós soláthar infreastruchtúir, idir shóisialta agus fisiciúla, seirbhís do chustaméirí agus dul chun cinn timpeallachta.**

Lean obair ar thionscadail infreastructúr mhór ar aghaidh i 2006, tógáil an bhóthair ceangail, An tlúr-Dún Dealgan agus uasghrádú is síneadh do Phort Oirialla, An Clochar is go háirithe. Ba chóir dóibh a bheith críochnaithe i 2007.

Osclaíodh agus chríochnaíodh tionscadail infreastruchtúr shóisialta áirithe i 2006, ar nós an páirc scátála nua i nDún Dealgan, Linn Snámha Dhroichead Átha agus an gailearaí íontach nua i nDroichead Átha- Gailearaí Highlanes.

D'éirigh go geal leis an damhsa charthannachta an Chathaorlaigh, a chruinnigh de bhreis ar €85,000 do Malawi, agus tá súil againn go mbeidh sé an chéad cheann den a lán ocáidí tiomsaithe airgid don chúis fiúntach seo.


Sonraítear forbairtí agus aschur eile tríd an tuarascáil seo, nach mbeadh a bheith féidearthach, gan tacaíocht lanúnach is tiomantas ár mball is ár bhfoirne, agus míle buíochas leo.




**Jim Lennon**
Cathaoirleach
Louth County Council



**Noel Lennon**
Cathaoirleach
Dundalk Town Council



**Michael O'Dowd**
Cathaoirleach
Drogheda Borough Council



**Jim Tenanty**
Cathaoirleach
Ardee Town Council

Louth Annual Report Ir 06:Layout 1 06/06/2007 10:59 Page 4

# Toghcheantair




*Comhairle Thoglach Dhroichead Átha.*



*Halla An Chontae, Ionad Na Milaoise, Dún Dealgan.*



*Halla Baile, Dun Dealgan.*




## AN TOGHCHLÁR

Aithníonn an chomhairle an cúram atá uirthi a chinntiú go mbíonn deis g saoránaigh incháilithe a vóta a chaitheamh. Gach bliain tiomsaítear clár de na saoránaigh go léir atá i dteideal vótála i dtoghcháin áitiúla, ghinearálta nó uachtaránachta agus i reifrinn.

## TOGHCHEANTAIR

| Ceantar | Daonra |
|---|---|
| Baile Átha Fhirdhia | 17,062 |
| Droichead Átha Thoir | 19,869 |
| Droichead Átha Thiar | 13,888 |
| Dún Dealgan Cairlinn | 18,615 |
| Dún Dealgan Theas | 18,792 |

Louth Annual Report Ir 06:Layout 1 18/06/2007 16:36 Page 5



## Dún Dealgan Cairlinn



Fine Gael
Terry Brennan



Fianna Fáil
Seamus Keelan



Sinn Féin
Jim Loughran



Neamhpháirtí
Jim Ryan



Fianna Fáil
Peter Savage



Sinn Féin
Tomás Sharkey

## Dún Dealgan Theas



Neamhpháirtí
Martin Bellew



Fianna Fáil
Declan Breathnach




Fine Gael
Jim D'Arcy



Neamhpháirtí
Mary Grehan



Fianna Fáil
Donal Lynch



Sinn Féin
Kevin Meenan

# Baill Chomhairle Contae Lú 2006

## Baile Átha Fhirdhia




**Fine Gael**
Finnan McCoy



**Fianna Fáil**
Thomas Clare



**Fine Gael**
Jim Lennon



**Sinn Féin**
Pearse McGeough



**Fianna Fáil**
Tommy Reilly

## Droichead Átha Thoir



**Fianna Fáil**
Jacqui McConville



**Fianna Fáil**
Jimmy Mulroy



**Sinn Féin**
Imelda Munster



**Fine Gael**
Michael O'Dowd



**Fine Gael**
Oliver Tully


## Droichead Átha Thiar



**Fine Gael**
Anthony Donohoe



**Fianna Fáil**
Frank Maher



**Páirtí an lucht oibre**
Gerald Nash



**Neamhpháirtí**
Ken O'Heiligh

Louth Annual Report Ir 06:Layout 1 19/06/2007 09:34 Page 7



# COMHAIRLE CONTAE LÚ - AN FOIREANN

Martina Moloney – Bainisteoir Contae

M. Curran – Stiúrthóir Seirbhíse

J. Martin – Stiúrthóir Seirbhíse

J. McGuinness – Stiúrthóir Seirbhíse

R. Kenny – Stiúrthóir Seirbhíse

A. Davis – Ceannasaí Airgeadais

**Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin**
C. Moss – (Seirbhísí Corparáideacha)

M. Murtagh – (Comhshaol)

P. Fitzsimons – (Seirbhísí Tithíochta agus Éigeandála)

P. Donnelly – (Bóithre agus Cúrsaí Mara)

W. Walsh – (Pleanáil agus Forbairt)

E. Mulholland – (Teicneolaíocht Faisnéise)

B. Lynch – (Cuntasaí Airgeadais)

R. McAuley – (Cuntasaí Airgeadais)

A. Ward – (Leabharlannaí Contae)

**Innealtóirí Sinsearacha**
R. McKenna – (Tithíocht)

P. Fallon – (Bóithre agus Cúrsaí Mara)

D. O'Neill – (Seirbhísí Comhshaoil)

M. O'Callaghan – (Sanitary Services)

Pleanálaí Sinsearach
G. Duffy – (Pleanáil)

Louth Annual Report Ir 06:Layout 1 18/06/2007 16:36 Page 8


# Comhairle Baile Dhún Dealgan

## Baill Chomhairle Baile Dhún Dealgan


**Neamhpháirtí**
Martin Bellew


**Fianna Fáil**
Seamus Keelan


**An Comhaontas Glas**
Mark Dearey



**Sinn Féin**
Ian Dooley


**Neamhpháirtí**
Mary Grehan


**Fianna Fáil**
Seamus Byrne


**Sinn Féin**
Geraldine Murphy


**Fianna Fáil**
Noel Lennon


**Sinn Féin**
Kevin Meenan


**Fine Gael**
Jim D'Arcy


**Fine Gael**
Eamonn O'Boyle


**Neamhpháirtí**
Jim Ryan

### COMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN - FOIREANN

| | |
|---|---|
| M. Moloney | mBainisteoir Conta |
| F. Pentony | Cléireach an Bhaile |
| C. Duff | Innealtóir an Bhaile |

Louth Annual Report Ir 06:Layout 1 06/06/2007 11:00 Page 9



# Baill Chomhairle Thoghlach Dhroichead Átha




**Fianna Fáil**
Tommy Murphy



**Fine Gael**
Michael O'Dowd



**Sinn Féin**
Dom Wilton



**Páirtí an lucht oibre**
Gerald Nash




**Neamhpháirtí**
Malachy Godfrey



**Fianna Fáil**
Jimmy Mulroy



**Fine Gael**
Anthony Donohoe



**Neamhpháirtí**
Tommy Byrne



**Páirtí an lucht oibre**
Paul Bell



**Sinn Féin**
Mathew Coogan



**Fianna Fáil**
Frank Maher



**Neamhpháirtí**
Ken O'Heiligh

## COMHAIRLE THOGHLACH DHROICHEAD ÁTHA - FOIREANN

| | |
|---|---|
| M. Moloney | mBainisteoir Conta |
| D. Foley | Cléireach an Bhaile |
| D. Agnew | Innealtóir na Buirge |

Louth Annual Report Ir 06:Layout 1 06/06/2007 11:00 Page 10

# Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

## Baill Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia



**Fine Gael**
Niall Carberry




**Sinn Féin**
Seamus Gaffney




**Progressive Democrats**
Leonard Hatrick



**Fianna Fáil**
Padraig McKenny



**Fianna Fáil**
Fintan Malone




**Neamhpháirtí**
Jim Tenanty



**Fine Gael**
Finnan McCoy



**Fine Gael**
Fionnán McCoy



**Páirtí an lucht oibre**
Tom Minogue

### Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia - Foireann

| | |
|---|---|
| M. Moloney | Bainisteoir Contae |
| F. Reilly | Cléireach an Bhaile |

# SPRIOC 1

## An tSeirbhís is Fearr a Chur ar Fáil dár gCustaiméirí agus dár gCliaint

**Téama a bhaineann le gníomhaíochtaí uile Údaráis Áitiúla Chontae Lú is ea seirbhís d'ard-chaighdeán a chur ar fáil. Déanaimid ár ndícheall freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí, atá ilghnéitheach agus ag athrú.**

### Cairt an Chustaiméara

Glacadh le Cairt Chustaiméara agus le Plean Gníomhaíochta d'Údaráis Áitiúla Chontae Lú agus cuireadh i bhfeidhm é i ngach rannóg sa bhliain 2006. Leagann an chairt agus plean gníomhaíochta síos ár mbun-phrionsabail maidir le seirbhís don chustaiméir agus cuireann sé in iúl an bealach ina gcuirfimid na prionsabail sin i bhfeidhm ionas gur féidir linn déileáil lenár gcustaiméirí go héifeachtach agus go críochnúil.



*Seirbhís ardchaighdeáin do chustaméirí.*

## Monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais ár gCustaiméirí

### Gearáin chustaiméirí/ córas tuairime

Thosaigh an próiseas i rith na bliana 2006 nuair a rinneadh forbairt ar chóras gearáin feabhsaithe don chustaiméir. Tá foirmeacha gearáin/tuairime ar fáil ag gach deasc poiblí agus déantar déileáil le gearáin/tuairimí a thapúla agus is féidir.

**I rith na bliana 2006:**

- Rinneadh 11 Ghearán Custaiméara trí mheán an chórais fhoirmiúil.
- Ardaíodh 7 n-ábhar le Fear an Phobail.
- Rinneadh 13 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997.

## Fáil ar Sheirbhísí

### Uimhir Ló-Ghlao – 1890 202 303

Cuireadh tús leis an uimhir Ló-ghlao d'Údaráis Áitiúla Chontae Lú sa bhliain 2005 agus rinneadh leathnú air sa bhliain 2006 chun seirbhís 24 uair an chloig ar feadh 7 lá sa tseachtain a chur ar fáil. Cabhraíonn sé seo nuair is gá foireann oibre agus seirbhísí a bheith ar fáil i gcásanna práinneacha lasmuigh d'uaireanta oifige.

### Seirbhísí Ar Líne

Tá méadú déanta ar Chúram Custaiméara leis an leathnú ar sheirbhísí ar líne atá curtha ar fáil ar ár líonláithreán. Sa bhliain 2006, forbraíodh seirbhísí mar seo:

# Sprioc 1

- córas pleanála iPlan
- Próiseas Cláraithe Toghchánach
- Íocaíocht ar líne do sheirbhísí áirithe
- Forbairt ar ár seirbhísí ar líne in airgeadra an Phuint (steirling)

## Cuimsiú Sóisialta

Cuireadh an tAonad Cuimsithe Sóisialta a bhí ar siúl ar bhonn píolótach ar fáil go buan in Údaráis Áitiúla Chontae Lú i Márta 2006. Tá Oifigeach Cuimsithe Sóisialta agus Anailísí Cuimsithe Sóisialta i gceist.

- Idirchultúrachas: Tá an tAonad Cuimsithe Sóisialta tar éis forbairt a dhéanamh ar phlean ilghníomhaireachta atá frith-chiníoch agus ilghnéitheach (FCI) do Chontae Lú mar thoradh ar mhaoiniú atá faighte ón Roinn Dlí, Comhionannais agus Leasaithe Dlí. Is ceart an plean seo a bheith curtha i gcrích i lár 2007. Chun freastal níos mó ar riachtanais an chustaiméara, rinneadh aistriú ar roinnt doiciméad faoin Tithíocht go Fraincis/ Rúisis agus Rómáinis. Aistríodh doiciméid faoi Chánachas Gluaisteán i dteangacha eile go Béarla. Neartaíodh ar naisc thras-teorann le Comhairle Ceantair an Iúir agus Mourne nuair a d'éirigh le comhiarratas le haghaidh Maoiniú Síochána chun tionscadal tras-teorann ( go dtí Meitheamh 2008),
  a bheidh ag díriú ar riachtanais na Mionlach Eitneach, a chur i gcrích. D'eagraigh an tAonad Cuimsithe Sóisialta agus Páirtíocht an Ionaid Oibre ócáid idirchultúrtha don fhoireann chun poiblíocht a thabhairt do sheachtain Fhrith-Chiníoch agus Idirchultúrtha 2006.

## Míchumas

- Tháinig Foireann Barcelona le chéile trí huaire agus dhírigh sé ar chaiteachas a bhain le Maoiniú don Straitéis Mhíchumais. Cuireadh 500 Euro ar fáil d'Údaráis Áitiúla Chontae Lú (UACL) i 2006. Tosaíodh ar réimsí oibre eile i 2006, ina measc Cur i bhFeidhm Phlean Míchumais ( le bheith ar fáil i lár 2007), agus obair le grúpaí Míchumais áitiúla maidir le ceisteanna a bhain le bealaí isteach laistigh de UACL.

Cuireadh traenáil maidir le míchumas ar fáil don fhoireann agus rinneadh iniúchadh maidir le bealaí isteach i bhfoirgnimh na nÚdarás Áitiúil, le háiseanna chaitheamh aimsire, leithris phoiblí, tránna agus páirceanna poiblí.

I measc samplaí d'oibreacha caipitiúla a rinneadh bhí: cathaoir-ardaitheoir, córais lúb chlosamhairc, fóirchlocha a chur in oiriúint le pábháil thadhlach, fánáin agus ráillí láimhe a chur isteach agus cuntair a chur in oiriúint i bhfoirgnimh phoiblí. Rinneadh athchóiriú ar shoilse tráchta ag Sráid na Cé agus ag gabhal an N52 agus ag Sráid na Beairice agus ag gabhal an N52 chun freastal ar riachtanais daoine a bhfuil éalaing radhairc orthu. Bhain sé seo le pábháil thadhlach, brúchnaipí tadhlacha agus comharthaí éisteachta ag na crosairí.

- I measc na n-oibreacha eile a rinneadh i 2006 bhí: cabhair d'Oifig Ealaíne an Chontae i bhforbairt an chéad líonláithreáin laistigh de UACL a bhí go hiomlán so-aimsithe – www.createlouth.ie. Ghlac




*Fostaithe ag fáil a gcuid teastas i dteanga chomharthaíochta (Leibhéal 2).*

Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Contae Lú le Páirteachas an Tionónta i bPolasaí Bhainistíocht Eastáit i 2006. Rinneadh athbhreithniú ar Ghradam Sparánachta an Deontais Ardoideachais i 2006 agus socraíodh go mbeadh athruithe curtha i bhfeidhm ó 2007 ar aghaidh. Fuair an tAonad Cuimsithe Sóisialta maoiniú ó Chiste e-Chuimsithe an Taoisigh agus cuireadh tús le tionscadal e-Fhoghlama do sheanóirí i Yellowbatter, Droichead Átha. Rinneadh taighde agus staitisticí a chur ar fáil agus scaipeadh iad go hinmheánach agus le heagraíochtaí seachtracha.

### Insroichteacht do dhaoine a bhfuil éalaing radhairc orthu

Rinneadh athchóiriú ar na soilse tráchta ag Sráid na Cé agus ag gabhal an N52 agus ag Sráid na Beairice agus ag gabhal an N52 chun freastal ar riachtanais na ndaoine a raibh éalaing radhairc orthu. Cuireadh pábháil thadhlach, brú-chnaipí tadhlacha agus comharthaí éisteachta ar fáil ag na crosairí.

### Bábhún Ainmhithe – Gradam Feabhais na Seirbhíse Poiblí

Bhuaigh Bábhún nua na nAinmhithe do Chomhairle Contae Lú go leor mór-ghradam sa chéad bhliain a raibh sé ag feidhmiú. Ceann de fiche tionscadal a roghnaíodh do Ghradaim an Taoisigh maidir le Feabhas sa tSeirbhis Phoiblí ba ea é. Comórtas a bhíonn ar siúl gach re bliain do thionscadail nua sa tseirbhís phoiblí atá i gceist. Fuair sé moladh breise nuair a roghnaíodh é mar cheann de thrí thionscadal a cuireadh ar aghaidh ar son seirbhís phoiblí na hÉireann ag an bhfóram Eorpach, Comhdháil Cháilíochta san Fhionlainn.

Ba é Comhairle Contae Lú an dara húdarás poiblí riamh a bhí san iomaíocht ag an bpointe seo. Bhuaigh an bábhún gradam, chomh maith, ag comhdháil UDITE, Aontas Phríomhfheidhmeannaigh Údaráis Áitiúla na hEorpa (APUAE) sa chéad Gradam do Ghníomhaíocht Fheabhsaithe.

Bhí na gradaim níos tábhachtaí toisc gur chuir foireann Chomhairle Contae Lú, ailtire agus foireann innealltóireachta, an tionscadal le chéile. Thóg comhlacht foirgníochta áitiúil an tionscadal i gcomhar le foireann innealtóireachta agus tithíochta na comhairle. Ag an bpointe seo, tá mórán údarás áitiúil mar aon le hoifigigh ón Roinn Comhshaoil tar éis cuairt a thabhairt ar an mbábhún. Féachtar air mar chomhartha caighdeáin do bhábhúin ainmhithe atá ag na húdaráis áitiúla.



*An Cathaoirleach Cllr. P. Savage agus Stiúrthóir Seirbhíse J. McGuinness leis an Taoiseach B. Ahern ag an searmanas don 'Public Servic Awards.'*



*Tá Bainisteoir an Chontae ag fáil 'Excellence in Public Service Award' an Taoisigh í leith an Póna Ainmhithe.*

### Soláthar Áiseanna

Comhoifigí Nua ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus ag an tSeirbhís Cúirteanna in Áth Fheirdia.

Rinneadh dul chun cinn mór sa tionscadal seo le linn na bliana 2006. Síníodh an conradh tógála agus thosaigh an obair roimh dheireadh na bliana. Leis na hoifigí nua beidh Foirgneamh Cathartha den scoth in Áth Fheirdia. Cuirfidh sé feabhas ar áiseanna do dhaoine a dhéanann gnó leis an gComhairle Baile agus leis an gComhairle Contae. Beidh na háiseanna is nuaí ar fáil sa Teach Cúirte nua. Leanfaidh tógáil na n-oifigí seo i rith 2007.

Bhí an-dul chun cinn déanta ag pleananna d'Oifigí Ceantair nua i nDún Léire i 2006.

## Traenáil agus Forbairt Foirne

### Traenáil Foirne agus Forbairt

Aithníonn Údarás Áitiúil Chontae Lú Traenáil agus forbairt foirne mar ghné thábhachtach maidir le spriocanna corparáideacha an Údaráis Áitiúil a bhaint amach.

Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí traenála tábhachtacha ar fáil don fhoireann oibre i 2006 chun deis a thabhairt dóibh seirbhís d'ard-chaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí agus do chliaint araon.

| Gníomhaíocht Thraenála | Líon na ndaoine a traenáladh |
|---|---|
| Traenáil do Chairt an Chustaiméara | 369 |
| Traenáil do Chúram Custaiméara | 121 |
| Traenáil do Chomhionannas | 74 |
| Cumais agus d'ilghnéitheacht | |

Aithníonn Údaráis Áitiúla Chontae Lú go bhfuil ról lárnach ag Traenáil Sláinte agus Sábháilteachta chun daoine a chur ar an eolas faoi Shláinte agus Sábháilteacht san ionad oibre agus chun timpistí san ionad oibre a laghdú.

Louth Annual Report Ir 06:Layout 1 06/06/2007 11:00 Page 14





*Oillúint Teanntáis i Halla an Chontae.*



*Oillúint ar an gcóras feidhmiúcháin bainistíochta agus forbartha.*

I 2006 d'fhreastail foireann oibre Údaráis Áitiúla Chontae Lú ar bhreis is 646 gníomhaíocht thraenála faoi Shláinte agus Sábháilteacht.
Ba iad seo roinnt de na cúrsaí ba choitianta faoi Shláinte agus Sábháilteacht:

| Gníomhaíocht Thraenála S agus S | Lion na Foirne a Traenáladh |
|---|---|
| Láimhseáil Lámhleabhair | 196 |
| Pas Sábháilteachta | 246 |
| Céadchabhair | 23 |

Cuireadh céim 2 de Chlár Traenála Bainistíochta thras-teorann i bhfeidhm i 2006. Tá 6 d'fhoireann Údaráis Áitiúla Chontae Lú páirteach sa chlár traenála bainistíochta atá urraithe ag Interreg. Tugann an clár deis d'fhoireann oibre na n-údarás ar dhá thaobh na teorann eolas, taithí agus dea-chleachtais a roinnt eatarthu.

Is mian le hÚdarás Áitiúil coincheap na Foghlama ar Feadh an tSaoil a chur chun cinn. Chuige seo tá roinnt mhaith den fhoireann tar éis leas a bhaint as Scéim Chúnaimh Thraenála agus tá an Teastas i Staidéar um Rialtas Áitiúil, an Dioplóma sa Staidéar um Rialtas Áitiúil agus mórán cúrsaí eile mar chúrsaí teastais, cúrsaí dioplóma agus cúrsaí céime déanta acu.

Tá roinnt mhaith den fhoireann tar éis Máistreacht i Riarachán Gnó a dhéanamh.

Tá seachtar den fhoireann a oibríonn faoin aer páirteach faoi láthair sa scéim phrintíseachta do dhaoine aibí. Go dtí seo tá roinnt céimeanna sa scéim phrintíseachta déanta acu agus faoi láthair tá taithí oibre ar siúl acu.
D'fhreastail Foireann Údaráis Áitiúla Chontae Lú ar bhreis is 100 seimineár agus comhdháil ar Leith i rith 2006. Tugann an fóram seo deis dóibh labhairt le comhleacaithe a oibríonn i réimsí oibre ar aon dul leo féin agus eolas a roinnt agus a mhalartú maidir le forbairtí nua agus le reachtaíocht a ritheadh le gairid.

I rith 2006 cuireadh 360,000 Euro ar fáil chun foireann oibre a thraenáil agus a fhorbairt. In Údaráis Áitiúla Chontae Lú bhí 5.6% den bhuiséad don fhoireann oibre táirgiúil úsáidte mar seo. Bhí sé seo níos airde ná 3%, an meán náisiúnta a mholtar.

## Córas Bainistíochta Gníomhaíochta agus Forbartha

Le deich mbliana anuas, tá an Tionscnamh Bainistíochta Straitéiseach agus an clár chun an tseirbhís phoiblí a dhéanamh nua-aimseartha tar éis creatlach a chur ar fáil chun spriocanna forbartha náisiúnta a bhaint amach fad is atá leas éifeachtach á bhaint as acmhainní. Sa tslí seo tá iarracht déanta ag UACL córais bhainistíochta acmhainní daonna éifeachtacha a úsáid sa tslí gur féidir le gach éinne atá ag obair sa tseirbhís a acmhainn phearsanta a fhorbairt go hiomlán chun spriocanna corparáideacha a bhaint amach.

Cuireadh tús leis an gCóras Bainistíochta Gníomhaíochta agus Forbartha in Údaráis Áitiúla Chontae Lú i Meitheamh 2005 de dheasca aistir trí Chomhaontuithe Páirtíochta Ilghnéitheacha. Tá spriocaidhm straitéiseach 4.2 bainte amach toisc gur cuireadh tús rathúil leis an CBGF: "CBGF a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh nascadh idir soláthar seirbhíse feabhsaithe, aidhmeanna eagraíochta agus pleanáil acmhainne daonna". Cuireadh crioch leis an gclár CBGF ar an 31 Nollaig. Rinneadh luacháil iomlán ar an bpróiseas seo agus ullmhaíodh tuairisc don Bhainistíocht Shinsearach.

Braitheann eagraíocht ar fheabhas na dtionscadal a dhéantar. Tá Údaráis áitiúla Chontae Lú agus úsáid á baint acu as CBGF tar éis córas a chur le chéile chun tionscadail iontacha a chur ar fáil. Sa tslí seo féachfar orthu mar fhostóirí den scoth a bhfuil foirne spreagúla, díograiseacha acu.

# SPRIOC2

## Chun Forbairt Eacnamaíochta a Éascú agus chun Méadú a Dhéanamh ar ár Suíomh Straitéiseach ar an Teorainn leath-shlí idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste.

**Aithníonn Údaráis Áitiúla Chontae Lú tábhacht shuíomh uathúil Chontae Lú agus déanaimid gach iarracht úsáid a bhaint as buanna Chontae Lú mar ionad infheistíochta i dtéarmaí sóisialta, eacnamaíochta, timpeallachta agus cultúrtha agus go ndéantar bainistiú éifeachtach orthu le pleanáil oiriúnach, bonneagar den scoth agus Contae Lú a chur chun cinn mar ionad Turasóireachta den scoth.**

## Dún Dealgan mar Bhealach Isteach

### PLEANÁIL DON TODHCHAÍ

#### Seoladh Phlean Forbartha Eacnamaíochta Dhún Dealgan

Seoladh Plean Forbartha Eacnamaíochta Dhún Dealgan: "Dea-Naisc le haghaidh Infheistíochta" i Márta agus bunaíodh grúpa páirtíochta poiblí-príobháideach: "Grúpa Forbartha Eacnamaíochta Dhún Dealgan" le Peter Malone mar chathaoirleach. Tá ceithre Ghrúpa Oibre ag an nGrúpa Forbartha a dhíríonn ar mhargaíocht, cruthú postanna, taighde, fáil ar oideachas, feabhas ar lár an bhaile i measc nithe eile. Tagann an Grúpa Oibre le chéile ar bhonn míosúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agus chun pleananna a thabhairt suas chun dáta.

Seo a bhfuil bainte amach i 2006:

- Pleanáil déanta ar fheachtas branda agus ar fheachtas margaíochta
- Pleanáil déanta ar lionláithreán cuimsitheach chun an baile mór a chur chun cinn ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta
- DVD margaíochta "Dún Dealgan an Ceann Scríbe" déanta ag 'Féile Lú'; beidh sé ina acmhainn úsáideach chun turasóireacht gnó agus comhdhálacha a mhealladh.
- Rinneadh bróisiúr gailf
- Rinneadh forbairt ar chláir oiliúna speisialta do Mhuintir na háite sa rannóg miondíola agus i rannóg na féile
- Clás a chuireann oibrithe áitiúla chun cinn forbartha
- Forbairt déanta ar Chlár chun Scoileanna a chríochnú
- Comhráití do scéim athnuachana 'Dúiche Cox' agus 'Muirtheimhne Mór'
- Bunachar do na bainc thalún, spás oifige sealadach curtha le chéile
- Athchóiriú ar fiú 5 mhilliún Euro é ar Pháirc Ghnó Finnabair déanta ag an Údarás Forbartha Tionscal (UFT)



*Ionad siopadóireachta na Riasc, Dún Dealgan.*

# Sprioc 2

- Tá méadú déanta ar áiseanna sealadacha Lárionad Forbartha Réigiúnach ag DKIT agus é maoinithe ag Fiontraíocht Éireann (Enterprise Ireland)

- Tá FÁS trí thionscnamh an 'Céim Chun Tosaigh' i gcomhar le DKIT agus le Soláthróirí Traenála ceadaithe eile ag cur breis seansanna ar fáil do dhaoine atá fostaithe i nDún Dealgan chun scileanna nua a fhoghlaim agus chun athnuachan a dhéanamh ar na scileanna atá acu faoi láthair

- Tá clár fiontraíochta comhordaithe do Dhún Dealgan forbartha; cuirfidh sé béim ar theicneolaíochtaí don todhchaí atá inmharthana agus inathnuaite

- Rinneadh suirbhé ar scileanna ríomhaireachta

- Tá roinnt feabhsuithe ar bhonneagar agus ar iomhá an bhaile mhóir ar siúl, m.sh., athfhorbairt ar lár an bhaile ag Cearnóg an Mhargaidh

### Athchoiriú ar Chearnóg an Mhargaidh, Dún Dealgan

Lorg an Chomhairle 'Fógraí Suime in Athfhorbairt/ Athnuachan Chearnóg an Mhargaidh agus i bhForbairt Chearnóg an Mhargaidh (úsáid mheasctha) Dún Dealgan ar an 29 Meitheamh 2006 le spriocdháta d'iarratais ar an 29 Lúnasa 2006. Lorg an Ceistneoir Réamh-Cháiliochta:

- Sprioc-fhoirgneamh ina mbeadh úsáid mheasctha agus ina mbeadh – oifig na n-ealaíon agus oifig chathartha/ eolais do Chomhairle Baile Dhún Dealgan
- Úsáid ghnó ar bith eile, m. sh., siopaí miondíola, oifigí, fóillíocht, cónaitheach
- Atógáil/ athnuachan ar Chearnóg an Mhargaidh faoi mar atá sé inniu agus/nó Cearnóg an Mhargaidh méadaithe mar phríomh-spás uirbeach an bhaile mhóir
- Carrchlós faoi thalamh ( má tá sé oiriúnach agus/ nó praiticiúil

Tá modh an 'Pháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (PPP) ag baint leis an tionscadal seo agus faoi láthair tá an chéim 'Agallamh Iomaíoch' sroichte aige sa chomórtas seo.

### Plean Ceantair Áitiúil d'Iar-Dheisceart Dhún Dealgan

Bhí an plean seo á ullmhú i rith 2005 agus ghlac Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Contae Lú le dréacht den phlean i rith 2006.

Éascóidh an plean forbairt Dhún Dealgan mar bhealach isteach faoin Straitéis Náisiúnta Spáis atá ag súil le daonra 60,000 duine laistigh de 20 bliain a bheith i nDún Dealgan agus réitionn sé seo leis an sprioc a leagadh síos sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha.

### Creatlach do Dhearadh Cathrach do Cheantar Mullagharlin, Dún Dealgan

Thosaigh Comhairleoirí Pleanála Colin Buchanan ar Chreatlach do Dhearadh Cathrach do cheantar Mullagharlin, Dún Dealgan i 2006. Tá sé beartaithe an Creatlach Deartha a thabhairt do Chomhairle Baile Dhún Dealgan agus do Chomhairle Contae Lú chun feidhm dhlí a thabhairt dó ionas go nglacfar leis mar phlean malartach do Phlean Forbartha Dhún Dealgan agus don cheantar máguaird i rith 2007.



*Aerfhótagraf do thógáil an bhóthair ceangailte idir An Iúr agus Dún Dealgan.*

### Forbairt ar Bhonneagar don Bhealach Isteach go Dún Dealgan

Lean an obair ar an sprioc tábhachtach seo i rith 2006 ar roinnt bealaí

**Deisceart agus Oirthear –** Mar thoradh ar chead pleanála mór a tugadh do Haggardstown, tá comhráití nach mór thart le tógálaí maidir le roinnt bóithre tábhachtacha agus gnéithe bonneagair de sheirbhísí uisce a chur ar fáil; ina measc beidh mórstáisiún pumpála uisce a dhéanfaidh freastal ar an mór-cheantar a shíneann amach ón láthair seo.

Thosaigh obair ar Láthair Straitéiseach an Údaráis Forbartha Tionscal (UFT) ag Mullaharlin nuair a cuireadh tús le conradh tógála. Cuirfidh an tionscadal seo píosa eile den Bhonneagar Iartharach ar fáil, chomh maith le láthair thionsclaíoch straitéiseach le hacmhainní breise do sheirbhísí uisce a chur ar fáil.

**Tuaisceart agus Oirthear –** De dheasca chinneadh an Údaráis Phleanála gan Ordú Mótarbhealaigh le haghaidh crosbhealaigh ar Bhóthar Ard Mhacha a chur ar fáil, a dheimhnigh an Bord Pleanála, thosaigh comhráití le tógálaithe a raibh suim acu ann chun deimhin a dhéanamh de go dtógfaí Bóthar Bonneagair Iartharach Dhún Dealgan idir Bóthar Ard Mhacha agus Bóthar an Iúir. Cuireadh liosta innealltóirí comhairleacha le chéile chun gnéithe a bhain le dearadh agus le doiciméid a chur ar aghaidh. Ligeann an socrú seo dúinn conradh na gcomhairleoirí seo a leathnú chun obair dheartha a dhéanamh ar



*Créfort mhór ar siúl ag Thistle Cross ar an A1/N1idir An tIúr agus Dún Dealgan.*

ghnéithe eile den bhonneagar a bhaineann le seirbhísí bóithre agus uisce don Bhealach Isteach go Dún Dealgan.

**An tIar-Dheisceart**
Cuireadh críoch leis an réamh-dhearadh do Bhóthar Bonneagair Iartharach Dhún Dealgan sa cheantar seo. Tá comhráití tosaithe ag Comhairle Baile Dhún Dealgan agus ag Comhairle Contae Lú le roinnt tógálaithe chun an bonneagar a chur ar fáil. Rinneadh staidéar faoi riachtanais uisce ar an dromchla a choimisiúnú.

**Ascaill Mount**
Cuireadh críoch le céad chéim bhóthar rilífe d'Ascaill Mount nuair a rinneadh conradh le tógálaí. Ceapadh comhairleoir chun an réamh-dhearadh do chéim a dó a dhéanamh. Ceapadh comhairleoirí chun mór-phleanáil ar Ascaill Mount a dhéanamh i rith 2006.

**Staidéar Iompair do Lár an Bhaile Mhóir**
Cuireadh críoch leis an doiciméad seo i 2006 agus tá clár aontaithe chun é a chur i bhfeidhm tosaithe. Cuireadh críoch, nach mór, le gabhal Bhóthar Naomh Léan/Mhuire i 2006.

**Gabhal Shráid an Chnoic**
Cuireadh críoch leis an athbhreithniú ar ghabhal Shráid an Chnoic i 2006. Rinneadh réamh-dhearadh mar ullmhúchán d'iarratas pleanála Chuid Viii a fógraíodh go déanach i 2006.

**Lána Hoey**
Ta maoiniú déanta ag an gComhairle Baile don chuid sin de Lána Hoey atá le feabhsú – san áireamh beidh cosáin, soilse poiblí agus raonta rothair. Thosaigh an conraitheor ar an obair i 2005 agus cuireadh críoch leis in earrach 2006.

**Bóthar an Sciobóil Dheirg (Red Barns)**
Dheimhnigh an Bord Pleanála an tOrdú um Cheannach Éigeantach. Ullmhaíodh an conradh agus lorgaíodh tairiscintí i 2006.

**Bóthar Ard Mhacha**
Ceapadh comhairleoirí chun réamh-dhearadh ar Bhóthar Ard Mhacha a dhéanamh chun déileáil le forbairt sa todhchaí.

**Naisc leis an mBealach Isteach**
Tá an tOrdú um Cheannach Éigeantach do chuid na Riasca Deirge den Bhóthar ó Dhún Dealgan go Carraig Mhachaire Rois díreach foilsithe agus dearbhaithe nuair a tarraingíodh aighneachtaí ina choinne siar. Ba cheart d'obair thógála na scéime seo tosú i 2007 má bhíonn maoiniú ar fáil.

Fuarthas maoiniú i 2006 chun obair fheabhsúcháin ar ghabhail agus ar chodanna eile den N53 ó Dhún Dealgan go Carraig Mhachaire Rois a dhéanamh. Lorgaíodh mór-mhaoiniú breise d'fheabhsúcháin mhóra ar an mbóthar tábhachtach seo agus, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, tá sé beartaithe go gceapfar comhairleoirí i 2007 chun tús a chur le dearadh agus le doiciméid reachtúla do Chéim 1.

**Feabhas ar Shoilse Poiblí**
Chuir Comhairle Baile Dhún Dealgan tús leis an gcéad chéim eile de scéim na soilse poiblí agus de chlár athchóirithe sa bhaile mór. Rinne comhairleoir athbhreithniú ar scéim iomlán na soilse poiblí chun iarracht a dhéanamh aon easnaimh a aithint.

### Bealach Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste
Cuirfidh tógáil an nasc-bhóthair idir an tIúr agus Dún Dealgan críoch le cuid Chontae Lú den Bhóthar idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Lean obair ar aghaidh i 2006 agus tá mór-dhul chun cinn déanta. Leanfaidh an tionscadal seo ar aghaidh i 2007 agus, ag brath ar dhea-aimsir agus muna mbíonn moilliú gan choinne, ba cheart go mbeadh carrbhealach dúbailte ar ard-chaighdeán oscailte do thrácht faoi dheireadh 2007.

## Droichead Átha mar Ionad Forbartha Príomha

## PLEANÁIL DON TODHCHAÍ

### Plean Gníomhaíochta Dhroichead Átha
Seoladh Plean Gníomhaíochta Ghrúpa Forbartha Eacnamaíochta Dhroichead Átha i Samhain 2004. Cuireann an plean leis an obair thábhachtach a cuireadh ar fáil sa Staidéar ar Fhorbairt Eacnamaíochta agus Spáis do Dhroichead Átha agus don cheantar máguaird. Ba é Peter Bacon agus a Pháirtithe a rinne an staidéar.

Chun moltaí thuarascáil Bacon a chur i bhfeidhm níos tapúla, bunaíodh Grúpa Forbartha Eacnamaíochta Dhroichead Átha i Márta 2004 chun Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Eacnamaíochta a ullmhú. Tá Bainisteoir an Chontae ina chathaoirleach ar an ngrúpa agus tá ionadaithe ó Chomhairle Contae Lú, ó Chomhairle Boirge Dhroichead Átha, ó Údarás Forbartha Tionscal na hÉireann, ó Fiontar Éireann, ó Chomhairle Tráchtala Dhroichead Átha, ó Chomhairle Trádála Dhroichead Átha, ó Bhord Fiontair Chontae Lú, FÁS agus ó Chomhairle Ceardchumann Dhroichead Átha.

Is é an mór-dhúshlán eacnamaíochta atá le sárú ag Droichead Átha sna blianta amach romhainn ná chun freastal ar an bhfás sa bhaile mór a bhfuilimid ag súil leis i mbealach leanúnach, le fostaíocht, tithíocht agus seirbhísí a fhreastalóidh ar riachtanais an phobail áitiúil. Ullmhaíodh an Plean Gníomhaíochta le deimhin a dhéanamh de gur féidir le Droichead Átha an sprioc seo a chur i gcrích.

# Sprioc 2

### Gníomhaíochtai a Cuireadh Chun Cinn i 2006:

1. Polasaí chaidreamh poiblí maidir le straitéis mhargaíochta do Dhroichead Átha a fhorbairt – ar siúl i gcónaí
2. Bóithre
3. Feabhas a chur ar gach bóthar atá ag teacht isteach chun an bhaile mhóir –ar siúl i gcónaí
4. Lár an bhaile mhóir a chur in oiriúint do choisithe – ar siúl i gcónaí
5. Gléasra Cóireála a Fheabhsú chun déileáil le fuílleach uisce – curtha i gcrích
6. Soláthar Uisce a fheabhsú – ar siúl i gcónaí
7. Tionscadal Caomhnaithe Uisce a chur i bhfeidhm sa bhaile mór – ar siúl i gcónaí
8. Athbhreithniú ar líon na sealbhóirí i lár an bhaile mhóir – ar siúl i gcónaí
9. Athbhreithniú ar an mbealach a bhfeidhmíonn an margadh seachtainiúil – ar siúl i gcónaí
10. Spásanna páirceála do Bhusanna a aithint – curtha i gcrích
11. Forbairt a dhéanamh ar acmhainn Millmount – ar siúl i gcónaí
12. Forbairt a dhéanamh ar Dhánlann Highlanes – curtha i gcrích
13. Iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt agus ar acmhainn na habhann – ar siúl i gcónaí
14. Plean do na hEalaíona a fhorbairt don bhaile mór, leis na téarmaí tagartha seo:
    a. Bonneagar
    b. Imeachtaí Pobail – curtha i gcrích
15. Straitéis Spóirt is Fóillíochta don bhaile mór a ullmhú – ar siúl i gcónaí
16. Linn Snámha agus áiseanna fóillíochta coimhdeacha eile a chur ar fáil – ar siúl i gcónaí
17. Forbairt agus leathnú a dhéanamh ar Shiúlbhealach na hAbhann agus ar áiseanna fóillíochta éighníomhacha eile
18. Spás oscailte ag Moneymore a fhorbairt le haghaidh fóillíochta – gníomhach agus éighníomhach – ar siúl i gcónaí
19. Plean nua chun bainisteoireacht a dhéanamh ar bhruscar - ar siúl i gcónaí
20. Láthair Áiseanna Cathartha a fhorbairt – curtha i gcrích
21. Feabhas a chur ar chomharthaí sráide agus ar spásanna cathartha – ar siúl i gcónaí
22. Forbairt na "gCúl-Lánaí" a spreagadh mar chuid den Phlean Forbartha – ar siúl i gcónaí
23. Athbhreithnú ar an mbealach a bhfuil an tAcht um Láithreán Tréigthe á chur i bhfeidhm – ar siúl i gcónaí
24. Chun soláthar éifeachtach do dhílárú i nDroichead Átha a éascú – ar siúl i gcónaí
25. Straitéis Phleanála do Mhór-Cheantar Dhroichead Átha a chur chun cinn – Glacadh leis an Straitéis

### Straitéis Phleanála do Mhór-Cheantar Dhroichead Átha

Bhí an staidéar seo, ar comhfhiontar é idir Comhairle Contae Lú agus Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus Contae na Mí ar siúl i rith 2006 agus tá sé i gceist go nglacfaidh na trí Údarás Áitiúil leis sa chéad leath de 2007. Cuireann sé creatlach straitéiseach ar fáil d'fhorbairt Dhroichead Átha don tréimhse 2004 go dtí 2024 agus déanfaidh sé freastal ar dhaonra de thart ar 65,000 faoi 2024 laistigh de Dhroichead Átha féin agus den cheantar ar an taobh ó thuaidh agus ar an taobh ó dheas den bhaile mór.

### Mórphlean don Cheantar Thuaidh de Dhroichead Átha

Ghlac an Chomhairle Contae le Plean do Cheantar Áitiúil don Cheantar Thuaidh de Dhroichead Átha in Iúil 2004 chun freastal ar réimse úsáidí forbartha sa Cheantar Thuaidh de Dhroichead Átha a mbeidh daonra de 20,000 aige laistigh de 20 bliain. Clúdaíonn an mórphlean don cheantar na tailte atá rianaithe mar cheantar tithíochta sa Phlean do Cheantar Áitiúil agus ghlac an Chomhairle Contae leis mar athrú ar an bPlean don Cheantar Áitiúil ag cruinniú ar an 15 Bealtaine 2006.

Tá Grúpa Forbartha Thuaisceart Dhroichead Átha, ina bhfuil tógálaithe agus úinéirí talún sa cheantar, i gcomhar leis an Údarás Pleanála, ag ullmhú miondearthaí d'fhorbairt an cheantair sara ndéanfar iarratais phleanála i rith 2007.

## BONNEAGAR A CHUR AR FÁIL

### Ceantar Thuaidh de Dhroichead Átha

Thosaigh mion-chomhráití leis an ngrúpa tógála i Meán Fómhair 2006. Tá innealltóirí comhairleacha atá fostaithe ag Grúpa Forbartha Dhroichead Átha Thuaidh ag obair i gcomhar le foireann na Comhairle chun gnéithe deartha agus imeachtaí reachtúla an tionscadail a chur chun cinn. Is féidir dul chun mar seo i 2006 a lua:




*Halla Scotch, Droichead Átha.*



*Síneadh do Ghléasra Cóireála Séarachas Dhroichead Átha.*



*Gléasra Cóireála Séarachas Dhroichead Átha.*



*Árasáin tógtha faoin scéim athnuachana baile agus uirbeach.*

- Críochnaíodh obair ar iniúchadh láithreáin
- Cuireadh comhráití ar siúl le CIÉ maidir le crosaire iarnróid
- Tá obair ar dhoiciméid do phróisis reachtúla, Orduithe faoi Cheannach Éigeantach san áireamh, ar siúl
- Tá plé á dhéanamh ar Réamh-Dhréacht de Chonradh Dlithiúil
- Tá mion-chomhráití faoi chostas agus struchtúr airgeadais ar siúl

### Athailíniú ar Bhóthar le déánamh

Tá feabhsú agus athailíniú an R132 ar an taobh thuaidh den bhaile mór, socruithe chun trácht a mhoilliú, draenáil, oibreacha soilsithe poiblí agus oibreacha reachtúla ar fad chun gluaiseacht tráchta ón mótarbhealach agus tríd an mbaile mór a éascú

Feabhsú agus athailíniú ar Bhóthar Donore ar an taobh Theas den bhaile mór chun bealach isteach a fheabhsú

### Soilsiú Poiblí

Feabhsú ar shoilsiú poiblí ag Lána Bachelor agus Ascaill Crushrod mar chuid d'fheabhsú ginearálta ar shoilsiú poiblí sa bhaile mór Gléasra Cóireála d'Fhuílleach Uisce i nDroichead Átha Cuireadh críoch, nach mór le Gléasra Cóireála d'Fhuílleach Uisce i nDroichead Átha faoi dheireadh 2006. Cuirfidh sé toilleadh de 101,000 PE ar fáil. Tá tábhacht straitéiseach ag an tionscadal seo maidir le forbairt leanúnach ar Mhór-Cheantar Dhroichead Átha san blianta atá le teacht.



*Feabhsú ar aghaidheanna siopaí faoin scéim athnuachana baile.*

### Soláthar Uisce Dhroichead Átha

Beidh feabhsuithe ar Sholáthar Uisce Dhroichead Átha, go háirithe foinsí nua uisce a fháil agus feabhsú ar an ngléasra atá ann faoi láthair ag Staleen, mar chuid de thionscadal mór do Sholáthar Uisce do Mhór-Cheantar Dhroichead Átha atá faoi cheannas Chontae na Mí. Beidh soláthar uisce do Dhroichead Átha Thuaidh san áireamh, chomh maith. Rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal seo nuair a rinneadh tástálacha ar thobair i roinnt áiteanna, go príomhdha i gContae na Mí. Tá roinnt toibreacha maithe aitheanta agus leanfar d'obair thástála i 2007. Níltear ag súil go mbeidh mórán uisce sa bhreis ar fáil go dtí 2009, ar a luaithe, de dheasca an tionscadail seo.

## Forbairt ar Bhailte Móra agus ar Shráidbhailte

### Scéimeanna Athnuachana Cathracha agus Bailte Móra

Thosaigh an scéim reatha, faoinar ullmhaíodh Pleananna Ceantair comhtháite do Dhún Dealgan agus do Dhroichead Átha, i 1999. Bhí sé i gceist, i dtús báire, go leanfadh sé go deireadh 2002 ach fágadh i bhfeidhm é (faoiseamh cánach iomlán ar fáil) go dtí Iúil 2006 do thionscadail a raibh 15% de chostas iomlán an tionscadail caite faoi Meitheamh 2003.

Fágadh Scéim Athnuachana na mBailte Móra, faoinar ullmhaíodh pleananna d'Áth Fheirdia, Dún Léire, Cairlinn agus Baile an Ghearlánaigh (faoiseamh cánach iomlán ar fáil), go dtí Iúil 2006 sa chás go bhfuarthas iarratais phleanála iomlána faoi dheireadh 2004. Baineann an t-am breise seo, chomh maith, le forbairtí a bhí saortha (ó chead pleanála) a raibh íosmhéid de 5% de chostais an tionscadail caite acu (agus a raibh conarthaí sínithe acu) faoi dheireadh 2004.

Ceadaíonn Bille Airgeadais 2006 am breise arís do na scéimeanna seo, má bhíonn íosmhéid de 15% de chostas an tionscadail, cé's moite de chostas an láithreáin, caite ar an tionscadal faoi dheireadh 2006 agus é sin dearbhaithe ag an Údarás Áitiúil, le faoiseamh cánach ar scála íslithe do chaiteachas cáilithe go dtí Iúil 2008 ar fáil mar seo:

# Sprioc 2

- Faoiseamh cánach iomlán ar fáil go dtí deireadh na Nollag 2007
- 75% den ghnáth-fhaoiseamh ar fáil idir Eanáir agus Nollaig 2007
- 50% den ghnáth-fhaoseamh ar fáil idir Eanáir agus deireadh Iúil 2008

## Scéim Athnuachana na mBailte Móra

Go dtí seo tá 6 fhorbairt cháilithe tar éis dearbhú a lorg faoin fhoráil a cheadaíonn am breise do scéim athnuachana na mbailte móra

## Scéim Athnuachana Cathrach

**Dún Dealgan**

Go dtí seo tá 2 fhorbairt cháilithe tar éis dearbhú a lorg faoin fhoráil a cheadaíonn am breise don scéim athnuachana cathrach do Dhún Dealgan.

**Droichead Átha**

Go dtí seo tá 3 fhorbairt cháilithe tar éis dearbhú a lorg faoin fhoráil a cheadaíonn am breise don scéim athnuachana cathrach do Dhroichead Átha.

## Catagóir 1: Ionaid Forbartha

**Cairlinn**

Ceapadh comhairleoirí i Samhain 2006 chun mór-phlean do Chairlinn a ullmhú. Beidh an plean seo ar taispeáint go poiblí i 2007.

## Feabhsuithe ar Bhonneagar ar fud an Chontae

**Ag cur feabhais ar Bhonneagar na mBóithre**

**Seachród Átha Fheirdia**

Bhí éisteacht bhéil maidir leis an scéim seo ar an 4 Iúil 2006 ag Óstán Fairways, Dún Dealgan. Dhearbhaigh an Bord Pleanála an tOrdú um Cheannach Éigeantach don scéim ar an 15 Meán Fómhair. Foilsíodh fógra Dearbhaithe ar an 11 Deireadh Fómhair 2006 agus tá an scéim ag feidhmiú anois.

**R177 Cill an Charraigh**

Cuireadh deireadh leis an obair dheartha agus le doiciméid thairiscinte i rith 2006. Tugadh na conarthaí do na hoibreacha agus thosaigh an obair faoi dheireadh na bliana.

**Feabhsuithe ar an Ionad Forbartha**

Cuireadh críoch le Cuid 8 den Phróiseas Pleanála do Tullyallen agus Bóthar na Carraige, Na Creagacha Dubha agus cheadaigh an Chomhairle Cuid 8 eile do Bhóthar an Stáisiúin, Baile an Ghearlánaigh faoi dheireadh na bliana.

## Seirbhísí Uisce

**Tionscadal Caomhnaithe Uisce**

Tá Comhairle Contae Lú i gceannas ar an Tionscadal Caomhnaithe Uisce don chontae ar fad. Tugadh tús áite i 2006 don chuid den tionscadal a bhain le Droichead Átha mar tá na dúshláin is mó le sárú aige maidir le soláthar uisce.

I measc na rudaí tábhachtacha a baineadh amach i 2006 tá:

- Roghnaíodh láithreacha treoracha chun staidéar ar sceitheadh uisce a dhéanamh
- Ceapadh conraitheoirí maidir le Méadair Cheantair a sholáthar agus a chur isteach
- Cuireadh isteach an chuid is mó de na Méadair Cheantair sa chontae ar fad.

## Méadair a úsáid ar bhonn Uilíoch do Chustaiméirí nach custaiméiri tí iad

Bhí an tionscadal seo chun úsáid uisce a thomhas le méadar mar chuid riachtanach de Pholasaí Rialtais maidir le Costas Uisce; bheadh ar na méadair go léir a bheith ag feidhmiú faoi 1 Eanáir 2007 ionas go bhféadfaí an córas nua faoi chostas uisce dul ar aghaidh. Chomh fada is a bhí praiticiúil, bhí na méadair go léir le bheith socraithe ar fud an chontae roimh dheireadh na bliana. Chomh maith leis na méadair a chur isteach, shocraigh Údaráis áitiúla Chontae Lú fearas a chur isteach a d'fhéadfadh Méadair a Léamh go hUathoibríoch (MLU). Beidh léamh na méadar níos cruinne agus níos tapúla dá dheasca seo agus cabhróidh sé le heisiúint billí in am gach ráithe. Cuirfear socruithe ar leith i bhfeidhm d'áitreabh ar bith ina bhfuil nasc atá roinnte le háitreabh eile nó muna féidir an nasc a aimsiú. Tá na hoibreacha seo ann le cloí le Polasaí Náisiúnta faoi Chostas Uisce atá le cur i bhfeidhm ina iomláine i 2007.

## Polasaí faoi Chostas Uisce

Tá dualgas orainn de dheasca reachtaíochta an costas imeallach iomlán, a bhaineann le costas caipitil agus costas oibrithe a bhaineann le soláthar uisce do gach úsáideoir nach úsáideoir tí é, a chlúdach.

Gheobhaidh custaiméirí bille de réir an uisce a úsáideann said nó, muna mbíonn tomhas le méadar ar fáil, ar an éileamh uisce a mheastar a bheith ann. Maidir le háitreabh a bhfuil teach cónaithe mar chuid de, beidh liúntas curtha ar fáil chun cúiteamh a thabhairt don uisce a húsáideadh le méadar. Beidh táillí le híoc d'uisce agus do shéarachas agus beidh sé bunaithe ar an gcostas iomlán chun na seirbhísí a sholáthar. Ba cheart do thomhaltóirí gach iarracht a dhéanamh chun sceitheadh/díomailt uisce a sheachaint.

Maidir le tionscadail chaipitil, caithfidh úsáideoirí nach úsáideoirí tí iad an costas iomlán ar sholáthar seirbhísí a íoc. Beidh cáin forbartha maidir le forbairtí nua tráchtála agus tithíochta ann chun síntiúis áitiúla a bhailiú. Is féidir suas le 40% den chostas a bhaineann le tithíocht a bhailiú mar seo, ag brath ar bhreithiúnas an DEHLG. Gheofar feabhsuithe caipitleacha a thugann buntáiste d'úsáideoirí atá ann faoi láthair ar ais mar chuid de na táillí uisce. Maidir le húsáideoirí móra ar úsáideoirí tionsclaíocha iad, déanfar socruithe ar leith leo atá bunaithe ar chomhaontuithe samplacha an DEHLG chun costais chaipitil agus costais oibrithe a chlúdach.

## Feabhas a chur ar Bhonneagar Uisce agus Fuílleach Uisce

**Tulaigh Álainn WWWTP SLI**

Bhain feabhsú ar an ngléasra chun déileáil leis an úsáid reatha agus le forbairt theoranta sa todhchaí leis an tionscadal seo atá críochnaithe anois.

**Collann/Baile anTallúnaigh/Lú WWTP**

Tá leathnú ar na scéimeanna seo ag teastáil chun caighdeáin eisiltigh agus éileamh forbartha, atá ag fás, a shroichint. Ullmhaíodh conarthaí do na scéimeanna seo chomh maith le scéim do Dhroichead an Chnoic agus táthar ag súil go dtabharfar an conradh do na ceithre scéim go luath i 2007.



*Pábháil agus feabhsú timpeallachta ag Chairlinn.*



*Aerfhótagraf do Phort oirialla, an Clochar.*

**Cuailgne RWS Céim 2**
Tá an scéim seo ag an réamhchéim nuair atá áiteanna a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí nua uisce á n-aithint. Rinneadh dréacht de Réamh-Thuairisc agus táthar ag súil le críoch a chur leis i 2007. Tá feabhsuithe áirithe ar an ngréasán agus leathnú na scéime go dtí Ó Méith beartaithe.

### Scéim Shéarachais na gCreagacha Dubha
Beidh toilleadh breise chun déileáil le héileamh forbartha sna Creagacha Dubha ag teastáil; is féidir feabhas a chur ar an ngléasra atá ann anois nó is féidir séarachas a phumpáil isteach go dtí an WWTP i nDún Dealgan chun cóireáil bhreise a dhéanamh nó is féidir meascán den dá rud a dhéanamh.

### Feabhsú ar Shrutháin na gCreagacha Dubha
Cuireadh an tionscadal seo ar bun chun déileáil le tuilte a tharla de dheasca breis forbartha i gceantar na gCreagacha Dubha. Ba chóir go dtosódh Céim 2 i rith 2007.

### Scéim Shéarachais Átha Fheirdia
Déileálfaidh an scéim seo le caighdeán eisiltigh chomh maith le héilimh reatha/ sa todhchaí in Áth Fheirdia; faoi láthair tá sé ag Céim na Réamh-Thuairisce.

### Scéim Uisce Réigiúnach Lár Chontae Lú
Tá an tionscadal seo ag an gCéim Réamh-Thuairisce; tá sé ag déileáil leis na héilimh a bheidh ar uisce sa todhchaí i gceantar lár Chontae Lú. Rinneadh déileáil le ceisteanna práinneacha maidir le caighdeán uisce i nDún Léire trí chonradh roimh ré a dhéanamh. Sa chéad chéim eile beidh Ordú breise á lorg chun Uisce a Thógaint as an Glyd agus as an Dee.



*Aerfhótagraf do Phort oirialla, an Clochar.*

### Scéim Athnuachana Cathrach agus Sráidbhailte
Bhí na tionscadail seo a leanas maoinithe ag an gciste seo:

**Cairlinn –** pábháil agus feabhsuithe timpeallachta sa cheantar cois farraige

**Baile Riabhach –** oibreacha feabhsúcháin timpeallachta don sean - Bridle Path

**Áth na gCasán –** cosáin a dhéanamh agus feabhsúcháin i láithreacha éagsúla

**Droichead Átha –** Caomhnú agus oibreacha athchóirithe don Gheata Ime

**Dún Dealgan –** Siúlbhealach nua ar Abhainn an Castletown idir an Droichead Mór agus Droichead na Tána a fhorbairt.

Tá an Clár Athnuachana Cathrach agus Sráidbhailte thart anois agus tá roinnt airgid nár úsáideadh ar fáil do 2007/2008. Tá sé beartaithe go gcaithfear an t-airgead seo ar an mBealach Isteach go Dún Dealgan chun áiseanna a fheabsú. Is iad na tionscadail a bheidh ann ná:
- Críoch a chur leis an Siúlbhealach Cois Abhainn an Castletown (faoi mar atá thuas)
- Forbairt a dhéanamh ar Ghairdín Céadfach ag Gairdín Naomh Lionárd

### Tionscadail Mhara
Port Oirghialla, Ceann Chlochair – Feabhsú agus Leathnú Calafoirt

Lean obair ar an tionscadal seo a bhfuil costas 11.5 mhilliún euro air i rith 2006. Cé go raibh sé i gceist ó thús go mbeadh sé críochnaithe faoi lár na bliana, fuarthas breis maoinithe ó Roinn na Mara, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha agus ón Údarás Áitiúil a chabhraigh leis an rogha chun cé níos faide a thógáil. Tá súil anois go mbeidh na hoibreacha críochnaithe go luath i 2007.

# Sprioc 2



*Seoltóireacht ag Chairlinn.*


*Turasóireacht Lú.*

### Leathanbhanda


Cuireadh crioch le suiteáil Ghréasán Cheantar na hArdchathrach (GCA) i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha i 2006. Tá an bhéim anois ar mhargaíocht a dhéanamh ar an tseirbhís seo. Thosaigh obair ar shuiteáil GCA i mBaile Átha Fheirdia agus rinneadh an-dul chun cinn ar an tionscadal so i 2006. Criochnófar é seo sna míonna atá romhainn.

## Contae Lú – Ceann Scríbe Turasóireachta Den Scoth

### Féile agus Turasóireacht

**Féile Chontae Lú – Gaiscí 2006**

Sa bhliain 2006 cuireadh críoch le feachtas fógraíochta le Fógraíocht Luas, Feachtas sna Nuachtáin via An Irish Times, Raidió agus fograíocht bunaithe ar an Idirlion chun Contae Lú a fhógairt mar cheann scríbe turasóireachta. D'fhreastail Oifigeach Turasóireachta ar sheónna tráchtála i mBaile Átha Cliath, Béal Feirste agus an Riocht Aontaithe chun poiblíocht a thabhairt do Chontae Lú mar cheann scríbe turasóireachta bunaithe ar an oidhreacht, cultúr agus gníomhaíochtaí atá ar fáil. Maidir le forbairt táirgí, bunaíodh Ciorcal Dhea-Bhia Chairlinn chun cur síos a dhéanamh ar chleachtas an dea-bhia atá ar fáil sa cheantar; rinneadh forbairt ar shiúl lúbtha Slieve Foy; cuireadh comharthaí siúil in airde i leithinis Chuailgne. Mar chuid den bhaint a bhí aige le Grúpa Forbartha Eacnamaíochta Dhún Dealgan, rinneadh DVD a mhair ar feadh deich nóiméad chun poiblíocht a thabhairt don táirge fóilliochta den scoth agus don táirge eachtraíochta atá ar fáil sa cheantar máguaird.


*Vanessa Redgrave ann ag seit an scannáin "How about you".*

Mar chuid den Pháirtíocht Turasóireachta i dteorainn an Oirthir, fuair an tOifigeach Turasóireachta maoiniú de bhreis is 130,000 euro chun sráidbhailte tuaithe a fheabhsú, sráidbhailte mar Chairlinn, Ó Méith, Áth Fheirdia agus Baile an Tallúnaigh.

Bunaiodh Páirtíocht Turasóireachta Réigiúnach nua, Fáilte Éireann Oirthear agus Lár Tíre de dheasca chinneadh an Aire Turasóireachta feidhmeanna na nÚdarás Turasóireachta Réigiúnacha a aistriú go dtí Fáilte Éireann chun feabhas a chur ar an turasóireacht sna réigiúin agus chun tionscal láidir, inmharthana a chruthú.

Cuireann na figiúirí turasóireachta is déanaí in iúl gur fiú 28 milliún euro don gheilleagar áitiúil an turasóireacht ón gcoigríoch. Is méadú 4 mhilliún euro é sin ar fhigiúirí na bliana roimhe.

### Coimisiún Scannánaíochta

Bhí bliain rathúil ag Coimisiún Scannánaíochta Chontae Lú, an Iúir agus Mourne i 2006; rinneadh 11 léiriúchán sa réigiún. Bhí 'Trouble in Paradise' ó RTÉ agus gné-scannán Maeve Binchy 'How about You' (leVanessa Redgrave, Imelda Staunton agus Brenda Fricker mar réaltaí) atá le teacht chun tosaigh; rinneadh mórán clár do BBC Thuaisceart Éireann, UTV agus Cainéal 4, chomh maith. Bhain an réigiún leas eacnamaíochta de thart ar 450,000 euro as an ngníomhaíocht seo i 2006; seirbhísí óstáin, foireann, rudaí breise, bia agus caiteachas i mbialanna agus i dtithe tábhairne áitiúla ba mhó a bhí i gceist.

D'éirigh linn, chomh maith, le hiarratas le haghaidh maoinithe don 'New Media Factory', scéim thraenála áitiúil d'oibrithe sna meáin chumarsáide, a thosóidh i samhradh 2007. Rinneamar déileáil le thart ar 100 fiosrú i rith na bliana. Chuireamar dhá scannán ar siúl, chomh maith, mar chuid d'Fhéile na Tána sa Spirit Store.

# SPRIOC3

## Caighdeán an tsaoil do chónaitheoirí a fheabhsú sa lá atá inniu ann agus do na glúine romhainn

**Aithníonn Údaráis Áitiúla Lú gur mó an tábhacht atá le ceisteanna faoi chaighdeán saoil i Lú agus leanaimid orainn ag iarraidh:**

- A chinntiú gur féidir le gach saoránach caighdeán iomchuí cóiríocht tithíochta a bheith acu de réir a riachtanas,
- Rannpháirtíocht a mhéadú agus caighdeáin a fheabhsú i saol cultúrtha agus spóirt an phobail
- Contae glan meallacach a dhéanamh de Lú
- Seirbhís éifeachtach éigeandála a sholáthar
- Pleanáil le haghaidh pobal inbhuanaithe

## Clár Tithíochta

Rinneadh athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta ar Thithíocht Shóisialta Inacmhainne sa bhliain 2006 i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Is é an dúshraith do phríomhfheidhmeanna tithíochta na n-údarás áitiúil ná an plean seo agus is é is bun leis an mhaoiniú bliantúil agus le leithdháilte ón Roinn. Baineadh dul chun cinn sásúil amach chun na príomhspriocanna sa phlean a bhaint amach le linn 2006.

### Measúnú ar Riachtanais Títhíochta Sóisialta

Leanadh le measúnú agus le hathbhreithniú ar riachtanais tithíochta le linn na bliana agus tugadh faoi deara an méadú suntasach ar líon na ndaoine ag iarraidh títhíocht shóisialta. Ag deireadh 2006 mhéadaigh an líon seo go breis agus 2800 agus tháinig céatadán suntasach na n-iarratas ó theaghlaigh bheaga, aonaid duine nó aonaid bheirte. Is cúis thábhachtach é méid an teaghlaigh go fóill inár liostaí tithíochta chun cinneadh a dhéanamh ar mheascán na gcineálacha tithe inár scéimeanna úra.

### Clár Tógála Tithíochta Sóisialta

Agus sinn ag cloí leis na spriocanna bliantúla leagtha síos sa phlean gníomhaíochta, lean muid le clár uaillmhianach tógála tithíochta nua. Críochnaíodh scéimeanna i rith na bliana ag Mullagharlin Park (110) agus lean an tógáil ar scéimeanna ar na Creagacha Dubha (25), Mayfield (6), Tearmainn Féichín (30), Baile Lú (32), Ceann Clochair (27), Cairlinn (55), Dún Dealgan (lios Dubh 68) agus Droichead Átha (Cluain Baile Nua 76 agus Marley's Lane 79).

Ar bharr a bhfuil thuas leanadh leis an dearadh agus an phleanáil ar fud na bliana ar scéimeanna beartaithe le tosú sa bhliain 2007 ag Collon (19), Ardee (23), Dunleer (50/60), Dún Dealgan (Rock Road 46, Glenwood 12 agus Sráid na Bearaice, 15) agus Droichead Átha (Mell 110, Páirc Naomh Labhras 9 agus Pairc Naomh Antoin 2).



*Scéim tithíochta na gCreagacha Dubha.*

# Sprioc 3






*Athchóiriú tí- Mar a bhí agus mar atá anois.*

Is cuid thábhachtach anois é dár spriocanna soláthair tithíochta sóisialta é tithe príobháideacha a cheannach atá ar an mhargadh oscailte agus ceannaíodh 60 teach ar an dóigh seo sa bhliain 2006.

## Tithíocht Inacmhainne agus Láithreáin Phríobháideacha

Táthar ag dúil ó Údaráis Áitiúla anois gur mó a ról chun tithe inacmhainne a sholáthar agus a soláthar tithe inacmhainne a éascú. Féadaimid tithe inacmhainne a thógáil go díreach ar ár dtalamh féin faoin "Scéim 1999" agus féadaimid soláthar tithe inacmhainne a chinntiú faoi fhorálacha Mhír V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000. Cothaímid liosta feithimh do thithe inacmhainne mar aon le liosta feithimh sóisialta agus cé go bhfuil líon na n-iarrthóirí go nuige seo ar liosta tithe inacmhainne níos ísle ná mar a bheifí ag dúil leis ag 428 táthar ag tuar go méadóidh an líon seo go suntasach amach anseo. Le linn 2006 bhí scéimeanna tógála dírí idir lámha ag na Creagacha Dubha (6), Ceann Clochair (15), Cairlinn (12), Dún Dealgan (Lios Dubh 20) agus Droichead Átha (Newtown Meadows 24 agus Marley's Lane 16).

Ina theannta sin, leanadh le dearadh agus pleanáil scéimeanna nua le linn na bliana lena chinntiú go gcuirfí tús le tithíocht inacmhainne sa bhliain 2007 i dTearmainn Féichín (16), Baile Átha Fhirdhia (8), Collann (11), Dún Dealgan (Muirhevnamor 14) agus Droichead Átha (Mell 24). Bhí obair ar siúl fosta sa bhliain 2006 ar laithreáin tógála phríobháideacha inacmhainne ag Ceann Clochair (7), Cairlinn (5) agus na Creagacha Dubha(5) agus leanadh le dearadh agus pleanáil ar láithreáin chomhchosúla ag Collann (4) agus ag Baile Átha Fhirdhia (3).

## Tithíocht Dheonach

Is mar dhlúthchuid de bheartas rialtais agus de Phleananna Gníomhaíochta na n-údarás áitiúil ról méadaithe na gcumann tithíochta deonaí a éascú agus a spreagadh chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar. Faoi dheireadh na bliana faoi scéimeanna deonach á dtógáil ag Dún Dealgan (Lios Dubh – Cluid – 50 aonad) and Droichead Átha (Cluain Baile Nua – Cluid 30 aonad agus Marley's Lane – Respond – 33 aonad). Ar a bharr sin leanadh leis an phleanáil agus leis an dearadh agus é mar rún go gcuirfear tús le tógáil sa bhliain 2007 ar scéimeanna ag Collann (Cluid – 19 n-aonad), Ardee (Oaklee – 39 n-aonad), Tulaigh Álainn (Tuaisceart agus Oirthear – 11 aonad), Dún Dealgan (Lios Na Darach – Cluid 37 n-aonad) agus Droichead Átha (Mell – Oaklee – 30 aonad).

## An Staitéis Tithíochta agus Mír V

Tugadh faoi athbhreithniú ar an Straitéis Tithíochta le linn na bliana agus rachaidh sin i bhfeidhm ar chéatadán tithe i bhforbairtí príobháideacha le bheith leithdháilte mar thithíocht shóisialta agus inacmhainne (20% faoi láthair). Bhí aschur sa bhliain 2006 measartha beag ach cuireadh críoch le hidirbheartaíochta nó cuireadh tús le roinnt forbróirí a bhféadfaí a chinntiú go mbeadh méadú suntasach ar an soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne faoin cheannteideal seo ó 2007 anonn.

## Stoc Tithíochta a Chothabháil agus a Fheabhsú

Tá Údaráis Áitiúla Lú freagrach as stoc tithíochta ar cíos, ina bhfuil thart ar 3,000 teach, a bhainistiú agus a chothabháil. Leanadh leis na cláir leanúnacha chun an stoc a chothabháil agus a fheabhsú le linn 2006. Ba é a bhí i gceist ná gnáthchothabháil reatha mar aon le cláir oibreacha feabhsaithe, ba é an clár is suntasaí ná suiteáil leanúnach teasa lárnaigh mar aon le hoibreacha suntasacha athchóirithe a chinnteofar go mbainfear amach sprioc an Rialtais chun teas lárnach a chur isteach i ngach teach ar cíos ag an údarás áitiúil faoi 2008. Cuireadh críoch le 151 teach go nuige seo agus tá 30 le críochnú go fóill.

Chuaigh scéim feabhsúcháin chun cinn ag Páirc Naoimh Fionnán, Droichead Átha agus bhí pleananna i bhfad chun tosaigh le haghaidh mórscéimeanna athghiniúna ilmhilliúin ag Diméin Cox Demense agus Muirhevnamór, Dún Dealgan.

## Scéim Cóiríochta Cíosa (S.C.C.)

Leanadh leis an obair le linn na bliana chun cur i bhfeidhm na Scéime Cóiríochta Cíosa a chur chun cinn ina n-aistrítear chuig socrú eile na daoine a fhaigheann liúntas cíosa breise ar feadh 18 mí nó níos faide agus ina ndéanann an t-údarás áitiúil comhaontú faoi léasa fadtéarmacha le tiarnaí talún príobháideacha lena chinntiú go bhfuil soláthar leanúnach cóiríochta dea-cháilíochta ann. Rinneadh cigireacht ar líon mór réadmhaoine le linn na bliana agus ag deireadh na bliana aistríodh 53 aonad teaghlaigh anonn chuig an chóras nua.

## Cóiríocht Lucht Taistil

Lean na hÚdaráis Áitiúla leo chun forálacha an Chláir Cóiríocht Lucht Taistil 2005-2008 a chur i bhfeidhm agus den mhórchuid baineadh amach spriocanna le haghaidh soláthar cóiríochta ar fud an Chontae.

Bhuail Coiste Comhairleach Lucht Taistil Chontae Lú le chéile 4 huaire le linn na bliana. Thángthas ar shocrú maidir le roinnt campaí ar thaobh an bhóthair agus d'ullmhaigh fo-ghrúpa den Ghrúpa S.I.M. straitéis le haghaigh comhoibriú idir gníomhaireachtaí chun seirbhísí don lucht taistil a sholáthar.

### Easpa Dídine

Lean Fóram Chontae Lú ar Easpa Dídine leis chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn chun an Plean Gníomhaíochta Easpa Dídine 2004-2006 a chur i bhfeidhm agus bhí socruithe le haghaidh athbhreithniú ar an Phlean idir lámha faoi dheireadh na bliana, threoródh an t-athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta a rinne an Roinn sa bhliain 2006 é.

Leanadh le fóirdheontais airgid a thabhairt do na grúpaí deonacha a sholáthraíonn cóiríocht ósta agus fordheantas díreach cóiríocht leapa agus bricfeasta de réir mar ba chuí é sa bhliain 2006.

### Iasachtaí, Deontais agus Fomhaoinithe

Leanadh le méadú ar iarratais ar Dheontais Daoine Míchumasacha agus ar Dheontais Athchóirithe Éigeantaigh sa bhliain 2006 agus bhí breis agus 300 iarratas ar D.D.Manna agus breis agus 50 iarratas ar Dheontas Athchóirithe Éigeantaigh. Ag tarraingt ar €2.5 milliún a bhí an caiteachas iomlán ar na scéimeanna úd. Soláthraíodh maoinithe breise i mbuiséad 2007 (Nollaig '06) lena chinntiú go raibh soláthar leanúnach maoinithe ann do na deontais sin.

## Ealaíona, Fóillíocht agus Músaem

### Ealaíona

Seirbhís Ealaíon Údaráis Áitiúla Lú 2006

Ba sa bhliain 2006 a bhí seoladh an chéad Phlean Ealaíon do Chontae Lú. Socraíodh ar an Phlean i ndiaidh sraith cruinnithe agus ceardlann, agus inchur ón Fhoireann Shinsearach Bainisteoireachta, ón Choiste Beartais Straitéisigh, agus ó The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon. Thug Comhairle Contae Lú, Comhairle Buirge Dhroichead Átha, agus Comhairle Baile Dhún Dealgan isteach ina iomláine é. Sheol Stiúrthóir ar The Arts Council/ An Chomhairle Ealaíon An Iníon Mary Cloake é ag fáiltiú speisialta sa Halla Contae agus tabharfaidh an Plean Ealaíon ceannasaíocht agus treoir do bheartas údaráis áitiúil agus do thacaíocht do na healaíona go dtí deireadh 2008.

Chum agus chuir gach ceann de na trí Oifig Ealaíon Údaráis Áitiúil i bhfeidhm clár ealaíonta spreagúil le linn na bliana. Ba mhór an ionadaíocht ón cheol agus bhí léirithe ann ó The Vanbrugh Quartet, The Irish Chamber Orchestra, Joanna McGregor, Liam O'Flynn, The Irish Consort, The National Chamber Choir, Irish Baroque Orchestra, the Stravinsky Quartet, Ballet Ireland, Michael McHale, agus Augustin Maruri. Áireodh leis na cónaitheachtaí Ealaíontóir Drámaíocht Sráide agus Damhsóir Comhaimseartha i nDroichead Átha. Neartaíodh clár Féile Lú nuair a cuireadh Artlings leis, féile leanaí i nDún Dealgan, a théann le Leanbh i nDroichead Átha, agus iad dírithe ar lucht féachana atá níos óige. Chuir Féile Ealaíon Dhroichead Átha le Baróc Bhaile Átha Fhirdhia lenár éirigh leo roimhe, agus thug siad cláir láidre dá lucht féachana ar leith. Léirigh an Basement Gallery 11 taispeántas sa bhliain 2006, ina raibh obair a bhain leis an laithreán féin le Garret Phelan, agus obair griangrafadóireachta Noel Bowler, "The Joy" a bhain ardchlú léirmheastóirí amach.

Ar na tograí ealaíon le grúpaí pobail bhí obair le Áisionad RehabCare, daoine óga, mná Taistil, Ospidéal Naomh Oilibhéar, scoileanna éagsúla, agus daoine breacaopsta. Is tionscnamh é forbairt leanúnach Chuideachta Damhsa Ógra Dhroichead Átha a d'fhéadfaí a athdhéanamh ar fud an chontae.

Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe den tSeirbhís Ealaíon a sholáthraítear le chéile, orthu siúd tá deiseanna maoinithe CreateLouth agus tograí áirithe comhaontaithe. Íomhá 2006 a teideal a tugadh ar cheann de na tograí seo.

Sa taispeántas Íomhá, bhí obair chúigear ealaíontóirí radhairc Chontae Lú – Anthony Collins, Seán Cotter, Cliodhna Cunningham, Brian Hegarty agus Mary Donnelly. Roghnaigh aoichoimeádaithe Ruairí Ó Cuív agus Clíodhna Shaffrey na healaíontóirí seo.

Oibríonn na healaíontóirí le héagsúlacht meán agus stíleanna agus ina measc tá colláis, grianghrafadóireacht, olaí, agus déanamh priontaí, agus b'fhollasach an dóigh ar léirigh Íomhá 2006 raon cleachtas comhaimseartha ealaíon sa chontae. Bhí roinnt páirtithe sa chontae Ionad Ealaíon Dhroichead Átha agus Louth Leader ina measc, ag obair le triúr Oifigeach Ealaíon chun an tionscnamh a eagrú. Bhí Íomhá 2006 ar taispeáint in Ionad Ealaíon Dhroichead Átha agus sa Basement Gallery, Dún Dealgan, áit ar cuireadh i gcliathbhosca é agus a tugadh ar long chun na Fionlainne é le haghaidh taispeántais sa Patruunagalleria i mbaile Lapua. Forbraíodh an nasc seo leis an Fhionlainn le blianta roimhe trí dhlúth-theagmháil le cuideachtaí Leader i Lú agus san Fhionlainn agus le húdaráis áitiúla. Thaistil na healaíontóirí páirteacha leis an taispeántas agus labhair siad san dánlann faoina gcuid oibre.

I bhfos in Éirinn, lean an tionscnamh le seimineár ar Chleachtas Gairmiúil do gach ealaíontóir radhairc i Lú, nuair a roinn coimeádaithe agus ealaíontóirí a saineolas agus a dtaithí i gcomhthéacs cúrsaí éalaíon go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



*Gailearaí Highlanes.*